Gaeltacht na hÉireann

An Cheathrú Rua
2021 - 2026

# PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA



POBAL RUA

Comharchumann Mhic Dara

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
091-869750 | www.ancheathrurua.ie

Údarás na Gaeltachta

Hosty Consulting
Business Planning for Tourism, Leisure and Place

# CLÁR


**2** RÉAMHRÁ

**3** AN CEANTAR FEIDHME

**5** RÓL CHOMHARCHUMANN MHIC DARA

**6** RÓL ÚDARÁS NA GAELTACHTA

**7** AN STÁTCHÓRAS & AN PLEAN

**8** SPRIOCANNA AN PHLEAN & AN CHAOI LENA ÚSÁID

**9** TÉAMA 1: TEANGA & CULTÚR

**12** TÉAMA 2: TURASÓIREACHT

**17** TÉAMA 3: FIONTRAÍOCHT

**23** TÉAMA 4: NA HEALAÍONA

**25** TÉAMA 5: SEIRBHÍSÍ & BONNEAGAR

**30** TÉAMA 6: MARGAÍOCHT

**33** TÉAMA 7: BEARTAS, CÓRAS & SPRIOCANNA

**35** RÁITEAS DEIRIDH

**36** RANNPHÁIRTITHE







# RÉAMHRÁ

In 2019, faoi chúram Chomharchumann Mhic Dara i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, foilsíodh Plean Teanga don Cheathrú Rua. Mar chuid den obair ullmhúcháin don Phlean Teanga, bhí sé tugtha faoi deara nach raibh aon phlean forbartha straitéiseach ann don Cheathrú Rua. Is é an plean gníomhaíochta forbartha 5 bliana seo an chéad chéim i bhforbairt an phlean forbartha straitéiseach sin.

D'fhostaigh Comharchumann Mhic Dara, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta, Hosty Consulting chun an plean seo a ullmhú ar a son. An sprioc uileghabhálach a bhí ag Comharchumann Mhic Dara ag tús na hoibre ná go mbeadh glór an phobail lárnach san obair chríochnaithe ionas gur as smaointeoireacht an phobail féin a thiocfadh todhchaí na leithinise.

Tagann an 55 moladh atá sa bplean seo as an 142 smaoineamh a bhí molta ag 58 rannpháirtí a ghlac páirt sa bpróiseas agallaimh a bhí mar cuid den obair ullmhúcháin don phlean.

Tagann na smaointe maidir le cén chaoi a bhféadfá na moltaí a spreagadh agus cé a d'fhéadfadh a bheith freagrach as na moltaí a spreagadh ón ngrúpa oibre a d'ullmhaigh an plean.

*Tug faoi deara, le do thoil, cé go raibh an plean ullmhaithe le linn phaindéim an Choróinvíris, gur ullmhaíodh é ar an mbonn go mbeidh an víreas sáraithe agus, nuair a bheidh sé sáraithe, go mbeidh athshlánú múnlaithe ann.*

# AN CEANTAR FEIDHME




Is í an toghroinn ar a dtugtar An Crompán an ceantar feidhme don Phlean Gníomhaíochta Forbartha (PGF) seo. Síneann sí ó Abhainn Chasla ar an taobh thoir, ó Mhuiceanach Idir Dhá Sháile ó thuaidh, go Cuan na Loinge ar an taobh thiar. Ina lár, tá leithinis na Ceathrún Rua le Cuan Chasla ar an taobh thoir agus Cuan an Fhir Mhóir ar an taobh thiar. Gobann an leithinis amach i gCuan na Gaillimhe.

Tá sráidbhaile na Ceathrún Rua aitheanta mar phríomhbhaile Chonamara Theas le fada an lá. Tá ceanncheathrú RTÉ Raidió na Gaeltachta, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Oireachtas na Gaeilge lonnaithe sa limistéir, chomh maith le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge bheith lonnaithe i sráidbhaile na Ceathrún Rua. Tá seirbhísí luathoideachais, bunoideachais, meánoideachais, oideachas tríú leibhéal agus aosoideachais ar fáil sa gceantar.

Tá seirbhísí do dhaoine óga agus do dhaoine fásta le riachtanais speisialta le fáil sa gceantar. Déanann Scoil Chuimsitheach Chiaráin freastal ar scoláirí ón bpobal áitiúil, Ceantar na nOileán agus ceantar Chasla. Tá Páirc Ghnó ag Údarás na Gaeltachta (ÚnaG) i gCasla agus ceann eile ar an gCeathrú Rua féin. Tá Áras Mhic Dara, ionad do sheanóirí, lonnaithe ar an gCeathrú Rua. Tá seirbhísí sláinte agus siopadóireachta sa gceantar. Tá dhá choláiste samhraidh Gaeilge sa gceantar. Tá leabharlann i lár an tsráidbhaile. Tá sé soiléir ó na moltaí a tháinig ó na rannpháirtithe a chuidigh leis an bplean seo, go bhfuil easpa seirbhísí aíochta sa gceantar.






Bhí rath faoin bPáirc Ghnó ar an gCeathrú Rua sna 1970idí agus 1980idí ach tá cúlú mór tagtha ar an bhfostaíocht sin, cé gur tháinig feabhas ar chúrsaí fostaíochta ar an bPáirc Ghnó i gCasla. Is le hÚnaG an dá Pháirc Ghnó seo. Le linn na 1970idí agus na 1980idí, ba í an Cheathrú Rua an lárionad fostaíochta i gConamara Theas. Tá athrú mór tagtha air sin le fiche bliain anuas. Tugann fianaise scéil le fios go bhfuil tromlach na gcónaitheoirí atá fostaithe ag obair lasmuigh den cheantar.

Is ríbheag tionscal traidisiúnta atá á gcleachtadh ar an gCeathrú Rua agus sa gceantar thart air. Tá roinnt bheag bád agus curach ag iascach sa dá chuan ar chaon taobh den leithinis – Cuan Chasla agus Cuan an Fhir Mhóir. Is beag feirmeoireacht talún atá á cleachtadh sa gceantar.

Tá Comharchumann Mhic Dara (CCMD) bunaithe sa gceantar ó 2010 agus é freagrach as an ionad pobail, An Crompán, ina mbíonn imeachtaí sóisialta agus oideachais mar aon le scéimeanna fostaíochta pobail agus forbairtí eile. Tá plean teanga i bhfeidhm sa gceantar agus oifigeach pleanála teanga lánaimseartha fostaithe chun an plean sin a fhorghníomhú.

Tá cumainn láidre, peil Ghaelach, rugbaí, sacar, seoltóireacht, iomramh agus spóirt eile sa bpobal, mar aon le himeachtaí eile spóirt. Bhíodh club óige láidir sa gceantar agus tá obair in áit chun an club a thabhairt ar ais ag an leibhéal ag a raibh sé. Tá traidisiún láidir farraige, seoltóireachta agus iomraimh sa bpobal agus tá lear mór bád seoil traidisiúnta agus curacha fós san áit.

De réir Dhaonáireamh na bliana 2016, tá cónaí ar 2472 duine sa gceantar. Bhí ardú de 19% ar dhaonra an cheantair idir 1991 agus 2016. Tharla an t-ardú is mó sa daonra, 9%, idir 2006 agus 2011. Tháinig laghdú beag, 1%, ar an daonra idir Daonáireamh 2011 agus Daonáireamh 2016.

Tá sé suntasach sa tréimhse ina raibh an daonra ag fás go bhfuil roinnt monarchana, dhá óstán, ceithre shiopa agus roinnt gnóthaí eile sa gceantar tar éis dúnadh.

# RÓL CHOMHARCHUMANN MHIC DARA




Is comharchumann forbartha pobalbhunaithe é Comharchumann Mhic Dara Teo. a bunaíodh in 2010. Tá an Comharchumann ag gníomhú ar mhaithe le scairshealbhóirí an chomharchumainn, an pobal ina iomláine agus ar mhaithe le ceantar feidhme na Ceathrún Rua. Is í an phríomhaidhm atá ag Comharchumann Mhic Dara ná forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha a chur chun cinn ar mhaithe le ceantar na Ceathrún Rua agus inmharthanacht an phobail ansin. Tá oifigí an Chomharchumainn suite sa gCrompán ar Pháirc Ghnó na Ceathrún Rua agus cuireann an Comharchumann réimse leathan seirbhísí ar fáil ón ionad seo.

Tá roinnt mhaith tograí curtha chun cinn ag an gComharchumann ó bunaíodh é in earnálacha forbartha éagsúla. I measc na dtograí, tá forbairt Ionad Pobail (ina bhfuil réimse seirbhísí, Coláiste Gaeilge agus imeachtaí spóirt), forbairt ionad tumadóireachta, bunú Sheid na bhFear, forbairt gteic / spás fiontraíochta, seirbhísí pobail agus oibreacha timpeallachta. An togra is deireanaí atá curtha i gcrích ag an gComharchumann ná togra fuinneamh inathnuaite ar Pháirc Ghnó na Ceathrún Rua. Tá cumarsáid mhaith ag an gComharchumann le heagrais stáit agus tá go leor de na tograí seo á bhforbairt i gcomhpháirtíocht le leithéidí Údarás na Gaeltachta, Roinn na Gaeltachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Forum Connemara agus ranna stáit eile.

Bhí ionchur an Chomharchumainn, chomh maith le gnólachtaí na háite agus an phobail áitiúil, lárnach i gcur le chéile an phlean seo. Beidh ról lárnach ag Comharchumann Mhic Dara Teo., i gcomhordú agus i gcur i bhfeidhm an phlean seo. Tá CCMD ionadaíoch ar an bpobal. Tá an ról comhordaithe tábhachtach ag an leibhéal áitiúil i gcur i bhfeidhm an phlean, chomh maith le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe éagsúla atá luaite ann.

Tá an Comharchumann ag súil go mór bheith lárnach i gcur i bhfeidhm an phlean, agus ceantar na Ceathrún Rua, idir pobal agus teanga, a neartú dá réir.



# RÓL ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Bhí tráth ann sna hochtóidí go raibh An Cheathrú Rua ar ceann de phríomh-bhailte fostaíochta na Gaeltachta, le tuairim agus 400 duine ag obair ar eastáit an Údaráis ann. Ach leis na hathruithe a tháinig ar an earnáil déantúsaíochta agus ar dhomhandú gnó, tháinig titim tubaisteach ar an bhfostaíocht sin, agus is sa gcomhthéacs sin go bhfuil Comharchumann Mhic Dara ag tabhairt faoi Phlean Gnímh, ag tógáil ar an méid atá leagtha amach i bPlean Teanga an cheantair.

Aithníonn Údarás na Gaeltachta go mbíonn gá le hidirghabháil straitéiseach chun ceantair imeallacha ina bhfuil an Ghaeilge láidir a chur chun cinn i dtaobh na fostaíochta agus eile de, ag tabhairt aghaidh ar na buntáistí nádúrtha atá ag na ceantair seo, agus sin a dhéanamh i gcomhthéacs dúshláin infreastruchtúir agus tíreolaíochta.


Le tamall beag anuas, tá pleananna gnímh forbartha go sonrach d'Uíbh Ráthach i gCiarraí, d'Iorras Aithneach agus Ceantar na nOileán (turasóireacht) i nGaillimh, agus i Ráth Chairn na Mí, agus é mar aidhm fócas straitéiseach a fhorbairt i dtaobh neartú na gceantair Ghaeltachta sin, agus neartú na Gaeilge iontu dá réir.

Bíonn pleananna gnímh mar seo níos éifeachtach nuair atá siad forbartha agus curtha in áit i gcomhar leis an eagraíocht forbartha pobail áitiúil, agus tá sé de bhuntáiste ag an bPlean seo go bhfuil sin amhlaidh. Tá gréasán de 33 eagraíocht forbartha pobail faoi chúram Údarás na Gaeltachta agus in aon chur chuige ar nós an Phlean Gnímh seo, aithníonn muid go bhfuil ról lárnach ag an Údarás i dtacú lena thiomáint agus lena chur i bhfeidhm.

Aithníonn an Plean Gnímh go bhfuil níos mó ag teastáil ná bheith ag súil go líonfaí monarchana folamha arís, agus gur trí dheiseanna agus láidreachtaí a aithint agus a neartú a chuirfear le bunchloch fostaíochta ar an gCeathrú Rua.

Is acmhainn nádúrtha inathnuaite don Cheathrú Rua í an Ghaeilge, agus díríonn an plean seo ar leas a bhaint as an acmhainn sin ar mhaithe le cur le fostaíocht agus teanga, chomh maith le hacmhainní eile a aithint ar nós deiseanna turasóireachta faoin aer agus faoi dhíon.

Más teanga, gnó, nó daonra, tá sé feicthe go hidirnáisiúnta go bhfuil lár láidir ina bhuntáiste don cheantar máguaird, agus aithníonn an plean seo gur deis do dheisceart Chonamara uile, agus don Ghaeilge í, dlús daonra ina bhfuil pobal óg bríomhar ina gcónaí, le deiseanna fiontraíochta a chruthú agus a chothú i gcomhar leo.




# AN STÁTCHÓRAS & AN PLEAN

Agus é seo á scríobh, bhí roinnt forbairtí suntasacha ag tarlú sa Státchóras a d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith acu ar chríochnú an phlean seo. I measc na bhforbairtí sin, bhí an Bille Teanga ag dul tríd An Dáil, bhí Údarás na Gaeltachta ag ullmhú a phlean straitéiseach 2021-2025, bhí Comhairle Chontae na Gaillimhe ag ullmhú Plean Forbartha 2022-2026 don chontae agus d'fhoilsigh An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail "Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann". Chomh maith leis na pleananna agus doiciméid seo, tá Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018 – 2022 Contae na Gaillimhe, Plean Teanga don Cheathrú Rua agus Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, Plean Gníomhaíochta 2018-2022 thar a bheith suntasach freisin.

An pointe uileghabhálach leis seo ná go bhfuil sé riachtanach go n-úsáidfí beartais agus spriocanna an státchórais chun moltaí an phlean a chur i gcomhthéacs, a éascaíonn rudaí do na páirtithe ábhartha ionas gur féidir leo tacaíocht a thabhairt do na moltaí chun an phlean uileghabhálach a fhorbairt.

Ar leathanach 99 de Phlean Teanga na Ceathrún Rua, tá sé ráite gurb é polasaí na Comhairle Contae "An Cheathrú Rua a fhorbairt mar lárionad seirbhísí do Ghaeltacht Chonamara Thiar". Tá sé ráite freisin gurb é polasaí Údarás na Gaeltachta (mar fhógra ón bPríomhfheidhmeannach in 2013) "An Cheathrú Rua a fhorbairt mar lárionad thionscail na Gaeilge i nGaeltacht na Gaillimhe."

Tá 152 beart i "Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann" a thugann ceadúnas chun na moltaí sa bplean seo a fhorbairt agus, bunaithe ar na beartais i "Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann," tá cás le déanamh gur cuidiú an plean seo don Státchóras i dtaobh a cuid mianta i dtaobh shráidbhailte faoin tuath a bhaint amach.




# SPRIOCANNA AN PHLEAN & AN CHAOI LENA ÚSÁID

Thar aon rud eile, cuireann an plean seo chun cinn an todhchaí a d'fhéadfadh a bheith ann i dtaobh an tsráidbhaile is mó sa tír ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga.

Tá na moltaí grúpáilte faoi théamaí straitéiseacha, agus ar an gcaoi seo, tá sé indéanta na téamaí a bhriseadh síos ina bpleananna gníomhaíochta neamhspleácha, más gá. Chomh maith leis sin, tá eagrais éagsúla ainmnithe chun freagracht a ghlacadh as moltaí éagsúla.

Tá sé i gceist go mbeidh gnéithe den phlean seo á gcur i bhfeidhm thar thréimhse cúig bliana, ag brath ar chúinsí agus riachtanais (m.sh pleanáil) a bhaineann le gníomhaíochtaí ar leith. Chuige sin, tá eochair á húsáid sa bplean a léiríonn na gníomhaíochtaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha.

- *Gearrthéarmach* = Mar sprioc go mbeidh an gníomh curtha i bhfeidhm laistigh de bhliain go leith ón am a seoltar an phlean.
- *Meántéarmach* = Mar sprioc go mbeidh an gníomh curtha i bhfeidhm laistigh de thrí bliana ón am a seoltar an phlean.
- *Fadtéarmach* = Mar sprioc go mbeidh an gníomh curtha i bhfeidhm laistigh de cúig bliana ón am a seoltar an phlean.

Is é príomhchuspóir an phlean seo ná forbairtí a chur in áit a fhágfaidh go mbeidh An Cheathrú Rua níos fearr mar áit chun maireachtáil ann, oibriú ann agus cuairt a thabhairt air, agus ag an am céanna, An Cheathrú Rua a neartú mar phríomhbhaile Gaeltachta na hÉireann.

Le forbairt, tagann fostaíocht, agus léiríonn staidéar ar an gcumas cruthú poist sa bplean seo go bhfuil an deis ann níos mó ná 300 post nua inbhuanaithe a chruthú, má fhorbraítear an plean go rathúil ina iomláine.

Táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag an bplean seo orthu siúd atá freagrach as forbairt straitéiseach na Ceathrún Rua agus go nglacfaidh na páirtithe freagracha leis an dúshlán atá leagtha síos, le go mbeidh todhchaí na Ceathrún Rua ag teacht le stair bródúil an cheantair.




# TÉAMA 1: TEANGA & CULTÚR

Sa gceathrú tuarascáil Aireachta de chuid An Chomhairle Briotanach-Éireannach a foilsíodh i Márta 2017, luaitear ann "gurb pointe díola uathúil í an Ghaeilge nuair a bhíonn gnóthais ag déanamh iarracht buntáiste iomaíoch a bhaint amach sa mhargadh agus is féidir le gnóthais úsáid a bhaint as seo mar uirlis chun iad féin a dhifreáil óna n-iomaitheoirí, go háirithe maidir le seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge dá gcustaiméirí Gaeltachta."

Ar leathanach 69 de Phlean Teanga na Ceathrún Rua, tá sé ráite go bhfuil caiteachas bliantúil de €15.6 milliún ón státchiste ar an nGaeilge sa gceantar agus go ngineann an caiteachas sin luach breise de €12.2 milliún sa gceantar. D'fhéadfaí a rá, bunaithe air sin, gur fiú €27.8 milliún tionscal na Gaeilge don cheantar.

Mar theanga, tá an Ghaeilge uathúil d'Éirinn, agus dá bhrí sin, tá sí ríthábhachtach d'fhéiniúlacht na nÉireannach, cultúr na hÉireann agus oidhreacht an domhain. Is í an uathúlacht agus an ceangal dlúth le cultúr na tíre a thugann an tábhachtach don teanga ó thaobh forbairt straitéiseach na Ceathrún Rua. Tá an Ghaeilge ar cheann de na teangacha is sine atá in úsáid go fóill san Eoraip agus stair shaibhir chultúrtha ag baint léi.

Is acmhainn saibhir nádúrtha í an teanga agus is acmhainn í atá níos flúirsí ar an gCeathrú Rua ná mórán aon áit eile sa tír. Dá bhrí sin, agus de bharr an méid atá luaite thuas, is í an Ghaeilge agus an cultúr uathúil a bhaineann leis an nGaeilge bunchloch an chéad téama straitéiseach sa phlean seo.

Ar leathanach 4 de phlean straitéiseach 2018-2020 Údarás na Gaeltachta, tá sé ráite go bhfuil "todhchaí na teanga mar theanga an phobail sa Ghaeltacht faoi bhrú agus tá sé seo le feiceáil i dtorthaí Dhaonáireamh 2016." Dá bhrí sin, tá na moltaí i dtéama a haon dírithe ar dhá phríomhsprioc:

1. Saibhreas na Gaeilge sa gceantar a úsáid d'fhorbairt, do dhul chun cinn agus chun fostaíocht a spreagadh
2. Úsáid na Gaeilge sa gceantar a spreagadh agus a neartú

# TEANGA & CULTÚR

| AN MOLADH | CÉARD? | CÉN CHAOI? | CÉ & CÉN UAIR |
|---|---|---|---|
| **1.** Ionad Domhanda na Gaeilge a lonnú ar an gCeathrú Rua.<br><br>*(Féach freisin moltaí 12, 28 & 29)* | Bheadh Ionad Domhanda na Gaeilge mar áis turasóireachta agus áis eolais den scoth. Mar chuid de, bheadh Amharclann Náisiúnta Óige na Gaeilge, Leabharlann Náisiúnta na Gaeilge agus Ionad Ealaíne na Gaeilge. Bheadh sé nua-aimseartha agus bheadh sé lonnaithe i bhfoirgneamh nua a mbeadh tábhacht ailtireachta domhanda ag baint leis. Nótáiltear go bhfuil sé molta i bPlean Teanga na Ceathrún Rua go ndéanfaí "dlús a chur le pleanáil d'ionad 'An Teanga Bheo' a lonnú in LPT na Ceathrún Rua." | Grúpa oibre a chur in áit ar a mbeadh Músaem na hÉireann, Ollscoil na hÉireann Gaillimh tríd an Acadamh, Ealaín na Gaeltachta, Roinn na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, An Chomhairle Ealaíne, Taibhdhearc na Gaillimhe, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Fáilte Éireann. Maoiniú a fháil ón Scéim Tacaíochta d'Fhorbairt Eacnamaíochta atá ag CC na Gaillimhe nó ó LEADER chun an choincheap a fhorbairt go dtí an pointe go mbeadh máistirphlean feiliúnach ann. | Údarás na Gaeltachta<br><br>*Gearrthéarmach* (forbairt coincheap)<br>*Fadtéarmach* (togra ina iomláine) |
| **2.** An Cheathrú Rua a bheith ainmnithe go hoifigiúil mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (BSG) agus mar an príomh-shráidbhaile i nGaeltacht Chonamara. | Tá sé molta i bPlean Teanga na Ceathrún Rua "go gcuirfí i bhfeidhm polasaí na Comhairle Contae agus An Cheathrú Rua a fhorbairt mar lárionad seirbhísí do Ghaeltacht Chonamara agus go mbeadh sráidbhaile na Ceathrún Rua mar an príomh-shráidbhaile i nGaeltacht Chonamara agus mar lárionad seirbhísí don Ghaeltacht." | Tríd an Oifig Phleanála Teanga, dhéanfaí iarratas faoi Acht na Gaeltachta 2012 chun ainmniúchán oifigiúil mar BSG a dhaingniú. Tríd Údarás na Gaeltachta, dhéanfaí iarratas ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe aitheantas oifigiúil a thabhairt don Cheathrú Rua mar príomh-bhaile Ghaeltacht na Gaillimhe. | Comharchumann Mhic Dara / Oifig Pleanála Teanga<br><br>Údarás na Gaeltachta<br><br>*Gearrthéarmach* |

# TEANGA & CULTÚR

| AN MOLADH | CÉARD? | CÉN CHAOI? | CÉN UAIR & CÉ? |
|---|---|---|---|
| **3.** Go mbeadh lárionad do sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge bunaithe ar an gCeathrú Rua, ina n-áirítear lárionad náisiúnta aistriúcháin Gaeilge. | Réiteoidh bunú an ionaid seo ar an mbaile is mó sa tír ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomh-theanga trí dhúshlán stairiúil atáthar ag iarraidh a réiteach le fada an lá:<br>• Seirbhisí Stáit a sholáthar trí Ghaeilge ar ardchaighdeán<br>• Éascú a dhéanamh ar fholúntais a líonadh le daoine a bhfuil Gaeilge acu<br>• Cur le deiseanna bealaí gairme fiúntacha a bhaint amach i nGaeilge | Le forbairt mar chéad chéim le Roinn na Gaeltachta agus Oifig na nOibreacha Poiblí, i dtaobh scópáil a dhéanamh ar na céimeanna a theastódh chun an fhís a fhorbairt. I measc na bpáirtithe leasmhara eile a bheidh i gceist, beidh ranna éagsúla Stáit agus seirbhísi Stáit. | Roinn na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta<br><br>*Fadtéarmach* |
| **4.** Féidearthachtaí i leith Coláiste (Samhraidh) Gaeilge dírithe ar na meáin a bhunú ar an gCeathrú Rua a fhiosrú. | Coláiste do dhéagóirí a fhorbairt a mbeadh traenáil sna meáin ar fáil, ag tógáil ar thogra a reáchtáladh san am atá caite idir geallsealbhóirí éagsúla sna meáin i nGaeltacht na Gaillimhe agus RTÉ. D'fhéadfaí gur coláiste í a d'fheidhmeodh le linn an bhriseadh lár téarma, nó i gcaitheamh an tsamhraidh. | Geallsealbhóirí éagsúla sna meáin, ina n-áirítear TG4, RnaG, RTÉ, agus an earnáil neamhspleách, a nascadh le coláiste samhraidh, nó a leithid, atá in áit cheana féin, chun ceannaireacht a chruthú in úsáid na Gaeilge sna meáin. Dhéanfaí é seo trí dhaoine óga a spreagadh i dtaobh a gcuid smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge sna meáin. | An Oifig Pleanála Teanga<br><br>*Gearrthéarmach* |




# TÉAMA 2: TURASÓIREACHT

Gan daonra, níl pobal agus gan pobal, níl rud ar bith.

Nuair a d'oscail Údarás na Gaeltachta an Pháirc Ghnó ar an gCeathrú Rua sna seachtóidí, bhí os cionn ceithre chéad duine fostaithe ann. Tá níos lú ná caoga duine fostaithe ann inniu.

Tríocha bliain ó shin, bhí cúig shiopa agus dhá óstán ar an gCeathrú Rua. Inniu níl ann ach siopa amháin agus níl óstán ar bith. Tá sé bailí an cheist a chur an bhfuil nasc idir dúnadh na ngnóthaí seo agus laghdú na bpost ar an bPáirc Ghnó?

I bpíosa oibre a rinne an t-iarSheanadóir Pádraig Ó Céidigh ar phróifíl shocheacnamaíoch de na seacht gceantar Gaeltachta in 2018, tá sé luaite go bhfuil 850 duine sa bhfórsa saothair ar an gCeathrú Rua agus go raibh 78.5% acu i mbun oibre ag am an Daonáirimh in 2016. Ciallaíonn sé seo go raibh 21.5% dífhostaithe ag an am. Cé go bhfuil an daonra ar an gCeathrú Rua ag fás, tá amhras ann an leanfaidh sé ag fás má tá an fhostaíocht ag laghdú? Cé gur rud maith é go raibh 78.5% den fhórsa saothair i mbun oibre, níl fhios cé mhéad acu atá fostaithe ar an gCeathrú Rua agus cé mhéad acu atá ag fágáil na Ceathrún Rua chuile lá chun dul ag obair. Meastar go háitiúil go bhféadfadh suas le 300 duine imeacht gach lá chun dul ag obair.

Glactar leis gur tharla na hathruithe seo ag eascairt as domhandú gnó.

D'fhéadfadh múnla turasóireachta athléimneach agus inbhuanaithe a bheith mar fhreagra don Cheathrú Rua ar na himpleachtaí diúltacha a thagann le domhandú.

Díríonn na moltaí sa bplean seo ar an gcaoi gur féidir leis an gCeathrú Rua múnla turasóireachta inbhuanaithe a chruthú trí leas níos fearr a bhaint as a oidhreacht agus as a acmhainn nádúrtha, chun tacú le gnólachtaí áitiúla agus chun poist inbhuanaithe a chruthú. Mar leithinis i gCuan na Gaillimhe ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, tá deiseanna suntasacha turasóireachta ann don Cheathrú Rua.

# TURASÓIREACHT

| AN MOLADH | CÉARD? | CÉN CHAOI? | CÉN UAIR & CÉ? |
|---|---|---|---|
| **5.** Coiste Turasóireachta a bhunú | Chun an earnáil turasóireachta a fhorbairt sa cheantar, ag tabhairt san áireamh na hacmhainní nadúrtha lárnach sa bhforbairt seo – go háirithe Trá an Dóilín, na cuanta agus cúrsaí cultúir / teanga | Fochoiste neamhspleách de chuid an Chomharchumainn a d'fhéadfadh an Comharchumann a úsáid mar fheithicil chun maoiniú a tharraingt isteach | Comharchumann Mhic Dara<br><br>*Gearrthéarmach* |
| **6.** Cúrsaí gearrthéarmacha in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge | Cúrsaí gearrthéarmacha a bheadh bunaithe ar Chultúr, Oidhreacht, Traidisiún, Stair & an Teanga, dírithe ar an margadh Meiriceánach | Comharchumann Mhic Dara chun dul i dteagmháil leis an Ollscoil chun é seo a phlé agus a fhorbairt. | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh<br><br>*Meántéarmach* |
| **7.** Seirbhís rothair ar cíos a bheith ar fáil ar an mbaile | Seirbhís breise turasóireachta sa cheantar a fhágfaidh níos mó caiteachais sa mbaile agus a thagann le haidhmeanna turasóireachta faoin aer | ÚnaG chun tacú le gnó príobháideach an togra a fhorbairt le maoiniú ó LEADER | Comharchumann Mhic Dara / ÚnaG chun príomhaí a aithint<br><br>*Gearrthéarmach* |
| **8.** Slí oidhreachta ag tarraingt aird ar phointí spéise éagsúla sa cheantar | Bheadh an bealach siúil / rothaíochta oidhreachta bunaithe ar láithreacha agus daoine spéisiúla ar an leithinis – m.sh. céanna, droichid, seanfhoirgnimh agus na daoine. Bheadh mapa agus plaiceanna eolais mar thacaíocht don tSlí | Tacaíocht a chur ar fáil don Choiste Turasóireachta maoiniú a fháil ón gComhairle Oidhreachta / FLAGS faoi scéimeanna deontais cuí do thograí oidhreachta pobail | An Coiste Turasóireachta & An Coiste Cúltúir & Oidhreachta le cabhair ó ÚnaG agus scéimeanna fostaíochta pobail<br><br>*Meántéarmach* |

# TURASÓIREACHT

| AN MOLADH | CÉARD? | CÉN CHAOI? | CÉN UAIR & CÉ? |
|---|---|---|---|
| **9.** Tógáil ar acmhainn suntasach turasóireachta Thrá an Dóilín trí infreastruchtúr tacaíochtúil a chur ar fáil ann | Lárionad Mara a fhorbairt ag a mbeadh leithéid trealamh trá / trealamh spóirt uisce le ceannach agus le fáil ar cíos, agus nasctha le forbairt ionad spraoi mara. Ina theannta, bheadh spás picnic / caifé | An spás, foirgnimh srl a bheith forbartha mar phíosa infreastruchtúr criticiúil agus ligthe amach ar chonradh. Féach samplaí ar nós Café Kiosk i mBóthar na Trá, Gaillimh | Comhairle Chontae na Gaillimhe chun é a thogáil ar an talamh atá ag an CC ann. Comharchumann Mhic Dara chun é a thiomáint<br><br>*Gearrthéarmach* |
| **10.** Feachtas a fhorbairt chun cur le hacmhainn turasóireachta na Ceathrún Rua trí cur leis an líon daoine áitiúla ag feidhmiú san earnáil turasóireachta | Dhéanfadh an feachtas daoine a mhealladh chun an earnáil turasóireachta trí mheascán de chúrsaí traenalá, oiliúna agus poiblíochta. | I gcomhar le Fáilte Éireann, Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, Scoil Idirnáisiúnta Óstán na Gaillimhe in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo | An Coiste Turasóireachta<br><br>*Meántéarmach* |
| **11.** Bealaí siúlóide agus rothaíochta a fhorbairt le bealaí glasa agus gorma ina measc | Bheadh na bealaí aitheanta ag baint tairbhe as láithreacht thart timpeall Chuan an Fhir Mhóir, agus ón gCaorán Mór thart chuig An Pointe chomh fada leis an Teach Solais | Dréacht-mhapa de na bealaí a d'fheadfaí a fhorbairt a leagan amach agus iarratas a déanamh ar mhaoiniú chun na bealaí seo a fhorbairt faoi "Measure 3 den Outdoor Recreation Infrastructure Scheme" | An Coiste Turasóireachta i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe<br><br>*Meántéarmach* |

# TURASÓIREACHT

| AN MOLADH | CÉARD? | CÉN CHAOI? | CÉN UAIR & CÉ? |
|---|---|---|---|
| **12**. Éispéiris turasóireachta chultúrtha ar chaighdeán idirnáisiúnta a bheadh in ann os cionn 100,000 cuairteoir a mhealladh in aghaidh na bliana a fhorbairt ar an mbaile / sa gceantar | Chuireadh an togra seo cultúr na Gaeltachta agus na Gaeilge os comhair an phobail ar bhealach mealltach, idirghníomhach, ag cur gné turasóireachta le campas Ionad Domhanda na Gaeilge (Moladh a 1). Bheadh an togra ar scála suntasach, ag cruthú fostaíochta agus ag mealladh turasóirí go deisceart Chonamara | Máistirphlean a ullmhú agus é a thabhairt go staid na pleanála | An Coiste Turasóireachta i gcomhar le CC na Gaillimhe le maoiniú ó Fáilte Éireann, CC na Gaillimhe agus ÚnaG<br><br>*Fadtéarmach* |
| **13**. Oifig turasóireachta a oscailt i lár an tsráidbhaile | Le forbairt nuair atá infreastruchtúr cuí turasóireachta forbartha sa cheantar, mar thacaíocht don infreastruchtúr sin | Le fiosrú le Fáilte Éireann agus Údarás na Gaeltachta | An Coiste Turasóireachta agus acmhainní Scéim Fostaíochta Pobail.<br><br>*Meántéarmach* |
| **14**. Feidhmiú go réamhghníomhach i dtaobh óstán a oscailt ar an gCeathrú Rua | Tá óstán thar a bheith riachtanach i dtaobh inbhuanaitheacht turasóireachta an bhaile agus an cheantair. D'fhéachfaí go mbeadh an t-óstán mar lárionad don bhaile ina mbeadh lóistín turasóireachta, caifé / bialann, seomraí cruinnithe, halla cóisire agus áiseanna folláine | A) Go bhfiosróidh ÚnaG infheisteoirí seachtracha chun an togra a fhorbairt<br><br>*nó*<br><br>B) Go bhféachfaí óstán a fhorbairt mar fhiontar shóisialta agus mar óstán oiliúna i gcomhar leis an gComharchumann | ÚnaG / Coiste Turasóireachta<br><br>Comharchumann Mhic Dara / Coiste Turasóireachta<br><br>*Fadtéarmach* |

# TURASÓIREACHT

| AN MOLADH | CÉARD? | CÉN CHAOI? | CÉN UAIR & CÉ? |
|---|---|---|---|
| **15**. Ar a laghad dhá fhéile mhóra sa mbliain a reáchtáil sa gceantar, Féile an Dóilín ar cheann acu | Tá an Cheathrú Rua aitheanta le fada le Féile an Dóilín, agus i bhfianaise an dea-cheangal poiblíochta a chruthaíonn sé leis na báid seol agus le Trá an Dóilín, tá luach suntasach margaíochta ag baint leis. Cuireann féilte sa mbreis, idir shiamsaíocht, chultúr agus farraige, leis an líon caiteachas turasóireachta sa gceantar | Coistí na bhféilte áitiúla chun obair i gcomhar leis an gCoiste Turasóireachta chun plean a ullmhú, agus iarratas a dhéanamh ar an scéim tacaíochta d'fhorbairt eacnamaíochta na Comhairle Contae, i gcóir maoiniú chun cabhrú le costais na bhféilte | Coiste Turasóireachta<br>&<br>Coistí Féilte Áitiúla<br><br>*Gearrthéarmach* |
| **16**. Acmhainn turasóireachta mara a fhorbairt ag baint leas as láthair na Ceathrún Rua mar leithinis | Fiosrú i dtaobh ionad tumadóireachta a fhorbairt i gCaladh Thadhg agus turas bád timpeall na leithinse ag fágáil Cé Chaladh Thadhg | Máistirphlean a fhorbairt i gcomhar le comhlachtaí farantóireachta cuí. Maoiniú a fhiosrú ó BIM (FLAGS), Forum Chonamara (LEADER), CC na Gaillimhe (Scéim Tacaíochta d'fhorbairt Eacnamaíochta), Ireland Funds & Fáilte Éireann, má aithnítear go bhfuil gá cur le hinfreastruchtúr ché Chaladh Thadhg | An Coiste Turasóireachta agus an Comharchumann i gcomhar le comhlachtaí farantóireachta cuí<br><br>*Fadtéarmach* |
| **17**. Coláiste Samhraidh Gaeilge bunaithe ar Spórt Uisce a spreagadh ar an mbaile | Tá múnla feicthe ina gcuirtear go mór le héileamh na gcoláistí Samhraidh nuair atá siad nasctha le téamaí sonracha | Loch An Mhuilinn nó Loch Chaladh Thadhg a fhorbairt mar ionad spórt uisce i gcomhar le CC na Gaillimhe le maoiniú ón gCiste Infreastruchtúir Spóirt ar Mhórscála (LSSIF). É a chur ar fáil ar do Choláistí Samhraidh agus / nó An tAcadamh | An Coiste Turasóireachta le hionchur agus comhairle ó pháirtithe cuí<br><br>*Fadtéarmach* |




# TÉAMA 3: FIONTRAÍOCHT

Glactar leis nach straitéis inmharthana é "smokestack chasing" níos mó - sé sin iarrachtaí fostóir mór amháin a mhealladh isteach trí dhreasachtaí tarraingteacha a thairiscint. Ní spreagann cur chuige den tsórt seo cruthaitheacht bhunúsach sa bpobal mar go mbraitheann sé ar chinntí inmheánacha comhlachtaí seachtrach.

Glactar leis freisin go bhfuil seans i bhfad níos láidre ann go bhfanfaidh comhlachtaí a bhunaítear go háitiúil sa gceantar, seachas monarchana a thagann isteach ón taobh amuigh.

Leis na dúshláin leanúnacha atá roimh earnálacha traidisiúnta tuaithe, tá todhchaí an gheilleagair thuaithe nasctha go dlúth le hacmhainn fiontraithe, atá lonnaithe faoin tuath, a bheith nuálaíoch agus deiseanna nua gnó a fhorbairt, a chruthaíonn poist agus ioncam i gceantair thuaithe (EU Rural Review, 2011).

Teastaíonn earnáil fiontraíochta atá cruthaitheach, ina bhfuil fócas faoi leith ar an réimse nuálaíochta agus a bhfuil an cumas aici a bheith iomaíoch go hidirnáisiúnta. Ós rud é nach féidir brath a thuilleadh ar dhéantúsaíocht thraidisiúnta chun na riachtanais fhostaíochta a chomhlíonadh, caithfidh straitéis fiontraíochta an Údaráis díriú ar an gcumas fiontraíochta a bhaineann le hearnálacha acmhainn-bhunaithe a spreagadh agus a chothú. (Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2018-2020).

Díríonn na moltaí sa bplean seo ar an gcaoi gur féidir eacnamaíocht láidir a spreagadh ar an gCeathrú Rua trí úsáid a bhaint as na hacmhainní go léir atá ar fáil , chun caighdeán maireachtála den chéad scoth a ráthú agus chun fostaíocht inbhuanaithe a chruthú.

Is trí fhorbairt a dhéanamh ar chultúr fiontraíochta gur féidir leis an gCeathrú Rua todhchaí an tsráidbhaile a ráthú, cultúr na háite a fhorbairt agus oidhreacht an daonra a chosaint.

# FIONTRAÍOCHT

| AN MOLADH | CÉARD? | CÉN CHAOI? | CÉN UAIR & CÉ? |
|---|---|---|---|
| **18**. An gteic ar an gCeathrú Rua a fhorbairt sa mórfhoirgneamh ina bhfuil an gteic faoi láthar | Tá an gteic ar an gCeathrú Rua ar an gteic is rathúla go dáta i dtaobh na gteiceanna atá á mbainistiú ag an earnáil forbartha pobail thar ceann Údarás na Gaeltachta, agus curtha aige leis an líon daoine atá fostaithe ar an bPáirc Ghnó, áit a raibh an líon fostaíochta titithe 90%. Tá éileamh leanúnach anois ann do spásanna oibre sa gteic | An gteic a fhorbairt faoi scáth an Comharchumainn, forbartha i gcomhar le Rannóg Maoine an Údaráis. | ÚnaG / Comharchumann Mhic Dara.<br><br>*Meántéarmach* |
| **19**. Deiseanna breise fostaíochta a fhorbairt trí fo-oifigí cianoibre a fhorbairt ar Pháirc Gnó na Ceathrún Rua | Plé a dhéanamh le mór-chomhlachtaí i gcathair na Gaillimhe i dtaobh fo-oifigí a oscailt chun go mbeadh a gcuid fostaithe atá lonnaithe i ndeisceart Chonamara in ann a gcuid oibre a dhéanamh, gan taisteal go Gaillimh, ag laghdú astaíocht charbóin agus ag cur le hinbhuanaitheacht tuaithe | Grúpa oibre a bhunú faoi threoir an Chomharchumainn chun dul i dteagmháil leis na comhlachtaí chun fáil amach cé mhéad fostaí atá acu a bheadh sásta oibriú ar an gCeathrú Rua agus cén saghas oifigí / áiseanna a bheadh ag teastáil | Comharchumann Mhic Dara<br><br>*Meántéarmach* |
| **20**. Measúnú a déanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le "club teic" a oscailt ar Pháirc Ghnó an Údaráis ar an gCeathrú Rua | Is é an "teic" atá ag tiomáint an chuid is mó den fhorbairt dhomhanda atá ag tarlú anois, le deiseanna suntasacha fostaíochta dá réir. An sprioc a bheadh an leis an "club teic" ná an óige a mhealladh chuig an earnáil agus deis a thabhairt dóibh scileanna códála, róbataic srl a fhoghlaim ag súil go dtiocfaidh fiontair teic as an gCeathrú Rua amach anseo | Le maoiniú ó FLAGS nó LEADER, cás gnó a ullmhú don togra agus iarracht a déanamh urraíocht a fháil do chostais forbatha agus reatha. Tá deis urraíocht a aimsiú ó bhuiséid CSR na gcomhlachtaí móra le rá atá lonnaithe in Éirinn agus atá gníomhach san earnáil teic | Comharchumann Mhic Dara le cabhair ó ÚnaG<br><br>*Gearrthéarmach (Cás Gnó)*<br><br>*Meántéarmach (Club oscailte)* |

# FIONTRAÍOCHT

| AN MOLADH | CÉARD? | CÉN CHAOI? | CÉN UAIR & CÉ? |
|---|---|---|---|
| **21**. Pobal fiontraithe a chruthú agus a chothú ar an gCeathrú Rua | Cultúr fiontraíochta a chothú sa gceantar le gur féidir níos mó fostóirí beaga a chur chun cinn ar an dá Pháirc Ghnó sa gceantar, agus i láithreacha eile sa gceantar | *1*. Feachtas sna meáin agus ar líne ag lorg muintir na háite (fiú daoine nach bhfuil lonnaithe sa gceantar) a chreideann gur fiontraithe iad, nach bhfuil a gcéad ghnó tosnaithe acu fós ach a bhfuil suim acu sin é a dhéanamh<br><br>*2*. Cúrsaí san Acadamh faoi bhrat scoil ghnó OÉ Gaillimh a chur ar fáil don phobal fiontraithe seo. Chríochnódh an cúrsa leis na rannpháirtithe ag déanamh cur i láthair do bhord infheistíochta ÚnaG a mbeadh ciste acu le hinfheistiú<br><br>*3*. Spás goir/ceardlainne / FAB LAB a bhunú ar an bPáirc Ghnó do dhaoine a fhaigheann infheistíocht chun go mbeadh siad in ann a gcuid tairgí a fhorbairt, le nasc forbartha leis an BOOGR* i dtaobh áiteanna traenalá a chur ar fáil sna gnóthaí seo<br>**Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin*<br><br>*4*. Clár tacaíochta a bheith ann chun cabhrú leis na gnóthaí seo fás | ÚnaG i gcomhar leis an Acadamh<br><br>*Meántéarmach* |

# FIONTRAÍOCHT

| AN MOLADH | CÉARD? | CÉN CHAOI? | CÉN UAIR & CÉ? |
|---|---|---|---|
| **22**. Céim a 2 den tionscnamh painéil ghréine fótavoltach pobail a fhorbairt sa cheantar | Tá forbairt déanta ag Comharchumann Mhic Dara Teo ar thionscnamh pobail painéil ghréine fótavoltach ar Pháirc Ghnó na Ceathrún Rua. Tá deis ann an tionscnamh seo a fhorbairt tuilleadh. | Spás a chur ar fáil don tionscnamh seo ag úsáid maoin an Údaráis ar na Páirceanna Gnó ar an gCeathrú Rua agus i gCasla. | Comharchumann Mhic Dara Teo i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta<br><br>*Meántéarmach* |
| **23**. Cumann Lucht Tráchtála a fhorbairt ar an gCeathrú Rua | Cumann Lucht Tráchtála, cláraithe le Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann, a fhorbairt ar an gCeathrú Rua a chothóidh gréasán sóisialta, meantóireachta agus tacaíochta idir lucht gnó sa cheantar | An Comharchumann ag obair i gcomhar le lucht gnó áitiúil chun coiste a bhunú agus a chlárú | Comharchumann Mhic Dara<br><br>*Gearrthéarmach* |
| **24**. Suirbhé scileanna a dhéanamh chun fáil amach céard iad na scileanna atá ar an gCeathrú Rua | D’fhágfadh an suirbhé scileanna go bhféadfaí na scileanna atá ar fáil sa cheantar a aithint, chomh maith leis na scileanna atá ag teastáil ó fhostóirí a bheadh in ann teacht chuig an gCeathrú Rua. D’fhéachfaí ansin fostóirí a bhfuil na scileanna ann dóibh a mhealladh isteach chun daoine áitiúla a fhostú. I dteannta a chéile, cúrsaí a chur ar fáil chun scileanna nach bhfuil ann agus atá ag teastáil, a chruthú. An sprioc leis seo ná mór-fhostóir a mhealladh | *1*. Ceistneoir a chur chuig cliaintchomhlachtaí ÚnaG, Fiontraíocht Éireann agus an IDA ag lorg eolais faoi na scileanna atá ag teastáil<br>*2*. Ceistneoir a chur chuig chuile theach ar an gCeathrú Rua ag lorg eolais faoi na scileanna atá ann<br>*3*. Cursaí a chur ar fáil trí Bhord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin agus / nó an tAcadamh chun na scileanna atá in easnamh a fhorbairt | Comharchumann Mhic Dara agus Údarás na Gaeltachta<br><br>*Gearrthéarmach* |

# FIONTRAÍOCHT

| AN MOLADH | CÉARD? | CÉN CHAOI? | CÉN UAIR & CÉ? |
|---|---|---|---|
| **25**. Féidearthachtaí i leith forbairt gnóthaí beaga bunaithe ar acmhainn na mara sa cheantar a mheas | Taighde a dhéanamh ar na cuanta timpeall ar an gCeathrú Rua agus ar chuanta eile máguaird maidir le féidearthachtaí gnóthaí beaga / tionscadail teachín a aithint | Foireann ghairmiúil a chur le chéile chun an taighde a dhéanamh agus maoiniú a lorg ó LEADER | Comharchumann Mhic Dara le hionchur ÚnaG<br><br>*Gearrthéarmach* |
| **26**. Plean straitéiseach a fhorbairt do pháirceanna gnó na Ceathrún Rua agus Chasla. | Staidéar a dhéanamh ar an úsáid atá á baint as maoin an Údaráis ar an dá pháirc ghnó. Sprioc 50% d'ardú a chur leis an líon fostaíochta ar Pháirc Ghnó na Ceathrún Rua agus ardú 20% ar Pháirc Ghnó Chasla taobh istigh de shaolré na Straitéise | Athbhreithniú agus plean straitéiseach le forbairt ag Rannóg Maoine, Rannóg Réigiúnach an Iarthair agus Rannóg Fiontraíochta agus Fostaíochta an Údaráis | Údarás na Gaeltachta<br><br>*Gearrthéarmach* |
| **27**. Caidreamh a chruthú agus a chothú le diaspóra ón gCeathrú Rua agus le daoine rathúla a bhfuil nasc acu leis an gCeathrú Rua | Dhéanfaí an caidreamh a chruthú ar mhaithe le deiseanna a fhorbairt i dtaobh infheistíocht a spreagadh ar an mbaile agus sa gceantar, chomh maith leis an gceantar a chur chun cinn i dtaobh na turasóireachta | *1*. Suirbhé ar líne agus ó dhoras go doras ag cuartú eolais ar dhaoine ábhartha atá ceangailte leis an áit<br><br>*2*. Liosta a dhéanamh de na daoine a bhfuil tionchar acu i gciorcail a d'fhéadfadh a bheith tairbheach don cheantar<br><br>*3*. Tionchairí, nó *influencers,* a chothú tríd an gCumann Tráchtála le misean chun tograí forbartha a sheachadadh don cheantar.<br><br>*ar lean...* | Comharchumann Mhic Dara i gcomhar leis an gCumann Tráchtála agus Ionad Diaspóra na Gaeltachta<br><br>*Meántéarmach* |

# FIONTRAÍOCHT

| AN MOLADH | CÉARD? | CÉN CHAOI? | CÉN UAIR & CÉ? |
|---|---|---|---|
| | | *ar lean...*<br><br>D'fhéadfadh sé seo go léir a bheith déanta ar líne ag úsáid ardán ar líne, ach féachaint chuige daoine a thabhairt le chéile go fisiciúil uair in aghaidh na bliana, le dinnéar mór mar bhuaicphointe de chomhdháil bhliantúil do dhiaspóra na Ceathrún Rua.<br><br>*4*. Suíomh idirlín a bhunú do dhiaspóra na Ceathrún Rua le spás speisialta do na Tionchairí. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh an t-ábhar ar an láithreán seo reatha i gcónaí. | |




AG COTHÚ SPIORAD CRUTHAITHEACH AR AN GCEATHRÚ RUA

# TÉAMA 4: NA HEALAÍONA

Deir Michelle Obama go "sainmhíníonn na healaíona cé muid féin mar dhaoine" agus deir a fear céile, Barack, "ó thús ama, chabhraigh na healaíona agus na dána le fir agus mná ar fud na cruinne dul i ngleic leis na ceisteanna is dúshlánaí agus teacht ar na fírinní is bunúsaí. I ndomhan atá ag éirí níos idirnasctha, tá ról tábhachtach ag na healaíona i múnlú cé muid féin mar charachtar."

Tá cláir ealaíne in ann pobail a thabhairt le chéile agus a neartú, ag spreagadh comhluadar agus ag spreagadh dóchas.

Tá na healaíona tábhachtach i bpobail réigiúnacha mar go dtugann sé pobail le chéile, tugann sé cuireadh do rannpháirtíocht, soláthraíonn sé rud spreagúil agus difriúil ón ngnáth lá go lá, is féidir leis a bheith oideachasúil agus b'fhéidir níos tábhachtachtaí ar fad, is féidir leis spiorad cruthaitheach a chothú sa bpobal.

Cabhraíonn na healaíona freisin le branda a fhorbairt agus le cuairteoirí a mhealladh.

Mheas tuarascáil de chuid Chomhairle Taighde Ealaíon agus Daonnachtaí na RA 2016, Tuiscint ar Luach na n-Ealaíon agus an Chultúir, luach na n-ealaíon agus an chultúir do dhaoine aonair agus don tsochaí. Níor bhreathnaigh sé ach ar ard-ealaín amháin, ach freisin ar scannáin, ar cheol agus ar leabhair, ar dhaoine óga ag teacht le chéile i mbannaí ceoil, ar dhrámaí amaitéarach, cór agus clubanna leabhair. Fuarthas amach go gcothaíonn rannpháirtíocht chultúrtha saoránaigh rannpháirteacha, go gcabhraíonn sé daoine machnamhacha le ionbhá a mhúnlú, ag tabhairt tuiscint níos fearr dóibh orthu féin agus ar a saol, agus léirthuiscint ar éagsúlacht eispéiris agus chultúir an duine.

As na healaíona a thiocfaidh pobal atá gníomhach, ionbhách agus sláintiúil.

Is iad aidhmeanna na moltaí sa téama seo ná acmhainn an phobail a fhorbairt trí chultúr agus na healaíona, chomh maith le cur le deiseanna don earnáil chruthaitheach bheith mar thiománaí an gheilleagair sa gceantar.

# NA HEALAÍONA

| AN MOLADH | CÉARD? | CÉN CHAOI? | CÉN UAIR & CÉ? |
|---|---|---|---|
| **28**. An ceol & an damhsa traidisiúnta, an sean-nós agus an scéalaíocht a chur ar fáil in amharclann / ionad oiriúnach ar an mbaile. Chuimseodh an t-ionad, Lárionad Ealaín na Gaeilge freisin | Bheadh sé seo uilig curtha ar fáil mar chuid d'Ionad Domhanda na Gaeilge atá mar Mholadh uimhir a 1 | Féach Moladh uimhir a 1 | *Féach Moladh uimhir a 1* |
| **29**. Spás a fhorbairt ina mbeadh ealaíontóirí in ann a gcuid oibre a tháirgeadh agus a thaispeáint | Nasctha le hIonad Domhanda na Gaeilge | É a nascadh le Moladh uimhir a 1 | *Féach Moladh uimhir a 1* |
| **30**. Deasc a bheith ar fáil sa gteic d'ealaíontóirí | Áis a sholáthar d'ealaíontóirí dá gcuid obair riaracháin, ag buanú deiseanna slí mhaireachtála san earnáil | Ealaín na Gaeltachta chun socrú a dhéanamh leis an gComharchumann i dtaobh spás oibre sa gteic a chur in oiriúint le go bhféadfaí é a ligean leis na healaíontóirí | Ealaín na Gaeltachta<br><br>*Gearrthéarmach* |
| **31**. Togra pobail a bhainistiú le healaíontóir(í) aitheanta chun píosaí ealaíne ar scála mór a sheachadadh ar fud na leithinse | Bheadh an pobal lárnach sa bpróiseas, le leithéid tograí a thabharfadh aitheantas do scéal fhathach Chuan an Fhir Mhóir nó fáiltiú roimh mhuintir Árann agus a gcuid cuairteoirí aníos Cuan Chasla, i bhfoirm ealaíne ar bharr Chnoc an Phobail | Grúpa oibre le Oifig Ealaíon CC na Gaillimhe, an tAcadamh, An Chomhairle Ealaín, Músaem na Gaillimhe, Féile Ealaíon na Gaillimhe, Ealaín na Gaeltachta agus Fáilte Éireann. Maoiniú ó urraíocht & scéimeanna | Comharchumann Mhic Dara i gcomhar le hEalaín na Gaeltachta agus An Cumann Tráchtala nua<br><br>*Meántéarmach* |




# TÉAMA 5: SEIRBHÍSÍ & BONNEAGAR

Tacaíonn bonneagar poiblí ar ardchaighdeán le fás. Feabhsaíonn sé folláine agus gineann sé infheistíocht isteach chuig ceantar.

Chomh maith leis seo, tá tionchar díreach ag caighdeán an bhonneagair agus na seirbhísí poiblí ar chostais fhorbartha agus ar iomaíochas na háite maidir le hinfheistíocht isteach a mhealladh agus, dá réir, tá lárnach sa bpleanáil straitéiseach agus i gcinnteoireacht.

Is iad na seirbhísí agus bonneagair phoiblí na feithiclí a iompraíonn an pobal agus iad ar thóir forbairt eacnamaíoch. Gan seirbhísí cearta agus bonneagar ceart, tá sé beagnach dodhéanta forbairt a spreagadh. Nuair a fheiceann an pobal feabhas ag teacht ar na seirbhísí agus ar an mbonneagar poiblí, tugann sé muinín dóibh tacú go láidir le tionscadail deonacha áitiúla.

Gan tiomantas an phobail, beidh seachadadh an phlean seo an-deacair ar fad. Tá tiomantas an phobail ceangailte leis na seirbhísí agus an bonneagar poiblí atá ar fáil sa gceantar.

Is iad aidhmeanna na moltaí sa téama seo ná creat a chruthú a mhúnlóidh seachadadh seirbhísí agus bonneagair phoiblí, a spreagfaidh an pobal chun páirt a ghlacadh i bhforbairt a gceantar sa todhchaí agus a thabharfaidh muinín d’infheisteoirí tríú páirtí An Cheathrú Rua a roghnú i gcóir tionscadail, ar scála a d'fhágfadh tionchar dearfach ar an gceantar agus ar an bpobal.

# SEIRBHÍSÍ & BONNEAGAR

| AN MOLADH | CÉN CHAOI? | CÉN UAIR & CÉ? |
|---|---|---|
| **32**. Córas leathanbhanda ar ardchaighdeán a bheith sa gceantar uile, ní hamháin sa gteic | Suirbhé áitiúil a dhéanamh chun an tseirbhís leathanbhanda a thomhas agus ansin feachtas a eagrú chun brú a chur ar na comhlachtaí cuí córas leathanbhanda ceart a chur ar fáil sna háiteanna nach bhfuil seirbhís cheart iontu | Comharchumann Mhic Dara<br><br>*Gearrthéarmach* |
| **33**. Clúdach fón póca ar ardchaighdeáin a bheith sa gceantar uile | Feachtas a eagrú chun brú a chur ar chomhlachtaí ar nós eir, Vodafone agus Three teacht ar an gCeathrú Rua agus corás clúdach fóin ceart a chur ar fáil | Comharchumann Mhic Dara<br><br>*Gearrthéarmach* |
| **34**. Go mbeadh ionad spóirt ceart le linn snámha ar an mbaile | *1*. Staidéar féidearthachta a dhéanamh chun maoiniú, suíomh, costais reatha, éileamh srl. a fhiosrú<br><br>*2*. Má tá torthaí an staidéir dearfach, plean máistreachta a chruthú don togra agus iarratas pleanála a chur isteach<br><br>*3*. Má éiríonn leis an iarratas pleanála, iarratas maoinithe a chur isteach ar an RRDF<br><br>*4*. Má éiríonn leis an iarratas sin, an t-ionad spórt leis an linn snámha a thógáil | Comharchumann Mhic Dara<br><br>*Fadtéarmach* |

# SEIRBHÍSÍ & BONNEAGAR

| AN MOLADH | CÉN CHAOI? | CÉN UAIR & CÉ? |
|---|---|---|
| **35**. An leithinis iomlán a fhorbairt mar lárionad do chaitheamh aimsire faoin aer le lúba siúlóide, rith agus rothaíochta, chomh maith le brat gorm ar gach trá | Brú a chur ar CC na Gaillimhe chun plean straitéiseach a chumadh chun na brait ghorma agus na lúba (siúl, rith agus rothaíocht) a sheachadadh ar an leithinis. (Tá ceangal idir an moladh seo agus Moladh uimhir a 11) | Comharchumann Mhic Dara<br><br>*Fadtéarmach* |
| **36**. Ranganna Gaeilge agus Ciorcal Comhrá do mhuintir na háite nach bhfuil Gaeilge iontach acu nó nach bhfuil sách muiníneach leis an gcaighdeán Gaeilge atá acu | Ranganna a eagrú sa gCrompán agus poiblíocht a dhéanamh tríd na scoileanna do na tuismitheoiri agus tríd na dochtúir teaghlaigh, na cumainn spórt agus an siopa áitiúil, chomh maith leis na meáin shóisialta | Oifigeach Pleanála Teanga agus Comharchumann Mhic Dara<br><br>*Gearrthéarmach* |
| **37**. Níos mo cúrsaí san Acadamh chun níos mó mic léinn a mhealladh chuig an gceantar | Féach ar Mholadh uimhir a 6 agus Moladh uimhir a 21 | An tAcadamh / OÉ Gaillimh<br><br>*Meántéarmach* |
| **38**. Ionad Cúram Príomhúil a bheith oscailte ar an tsráidbhaile | ÚnaG chun tacú le hinfheistóir príobháideach an togra a fhorbairt. | Comharchumann Mhic Dara / ÚnaG chun príomhaí a aithint<br><br>*Fadtéarmach* |
| **39**. Oícheanta siamsaíochta do mhuintir na háite | Coiste sóisialta a bhunú agus buiséad beag a thabhairt dóibh | Comharchumann Mhic Dara tríd an Oifig Phleanála Teanga i gcomhar leis an gCumann Béaloidis<br><br>*Gearrthéarmach* |

# SEIRBHÍSÍ & BONNEAGAR

| AN MOLADH | CÉN CHAOI? | CÉN UAIR & CÉ? |
|---|---|---|
| **40**. Tionscadal Feabhsúcháin Réimse Poiblí i lár an bhaile lena n-áirítear:<br><br>• Spás lárnach sa mbaile do mhargadh seachtainiúil<br>• Uasghrádú ar na cosáin agus na bóithre ionas go mbeidh siad oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas<br>• Clós súgartha oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas<br>• Bonneagar bainistíochta tráchta (go háirithe ag an Scoil Chuimsitheach agus i lár an bhaile)<br>• Clár plandála crainn<br>• Foirgnimh folamh agus tréigthe a mhaisiú<br>• Stad bus le foscadh ceart i gCasla<br>• Comharthaí logainmneacha ar gach bóthar<br>• Leithris phoiblí i lár an bhaile<br>• Gairdín pobail le plaza picnice<br>• Pointí páirceála do charranna leictreach | Togra don Chomhairle Contae faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte | Comhairle Contae i gcomhar le Comharchumann Mhic Dara agus ÚnaG<br><br>*Meántéarmach* |

# SEIRBHÍSÍ & BONNEAGAR

| AN MOLADH | CÉN CHAOI? | CÉN UAIR & CÉ? |
| --- | --- | --- |
| **41**. Tionscadal seirbhísí agus áiseanna nua don tsráidbhaile / cheantar:<br><br>• Margadh Bia agus Deoch / Ceardaíochta faoi dhíon<br>• Glantóirí Tirim<br>• Seid na mBan<br>• Pictiúrlann | *1*. Liosta a dhéanamh de na comhlachtaí a bheadh in ann na seirbhísí agus na háiseanna seo a chur ar fáil.<br>*2*. Pacáiste margaíochta chun An Cheathrú Rua a chur chun cinn a ullmhú agus a sheoladh chuig na comhlachtaí seo.<br>*3*. Dul i dteagmháil leis na comhlachtaí chun fiosrú dá mbeadh siad chun lonnú ar an gCeathrú Rua, céard a bheadh ag teastáil uathu?<br>*4*. Taighde a dhéanamh ar na scéimeanna difriúla a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun na comhlachtaí seo a mhealladh isteach.<br>*5*. Obair i gcomhar leis na comhlachtaí chun iarratais a ullmhú ar na scéimeanna oiriúnacha. | Comharchumann Mhic Dara agus an Cumann Tráchtala nua.<br><br>*Fadtéarmach* |
| **42**. Halla Éinne a athfhorbairt mar ionad pobail nua agus fócas nua i lár an tsráidbhaile le:<br><br>• Áras Fáilte<br>• Oifig Turasóireachta (Moladh 13)<br>• Seomraí cruinnithe<br>• Áit picnic<br>• Seomra ilchuspóireach<br>• Spás, seirbhísí agus áiseanna do dhaoine óga | É seo a chur san áireamh le Moladh uimhir 40 | Coiste Halla Éinne i gcomhar le Roinn na Gaeltachta<br><br>*Fadtéarmach* |




# TÉAMA 6: MARGAÍOCHT

*"Tá sé foghlamtha agam go ndéanfaidh daoine dearmad ar an méid a dúirt tú, go ndéanfaidh daoine dearmad ar an méid a rinne tú, ach ní dhéanfaidh daoine dearmad go deo ar an gcaoi a ndeachaigh tú i gcion orthu."*
Maya Angelou

Le teacht an idirlín, soláthar leathanbhanda agus iomadú gléasanna cliste, tá an domhan nasctha anois ar bhealach nach raibh riamh roimhe. Ag deireadh na bliana 2018, bhí 22 billiún gléas cliste dhá húsáid arlíne (statista.com). Ciallaíonn sé seo go bhfuil An Cheathrú Rua in iomaíocht le ceantair agus réigiúin ar fud an domhain ó thaobh na turasóireachta, na hinfheistíochta agus i dtaobh an tsócmhainn is luachmhaire ar fad, aird diaspóra na Ceathrún Rua.

Níos gaire don bhaile, tá An Cheathrú Rua in iomaíocht le bailte eile ar fud na tíre i dtaobh maoiniú agus tacaíocht ó eagrais stáit, an rialtas lárnach agus an rialtas áitiúil.

Gan margaíocht chliste agus straitéiseach, ní bheidh aon seans ag an gCeathrú Rua na caidrimh a chruthú a bheidh ag teastáil chun na torthaí atá indéanta leis an bplean seo a sheachadadh.

Glactar leis anois go mbraitheann rath an tionscadail ar an gcaidreamh atá ann idir an páirtí atá ag díol agus an páirtí a bhfuil siad ag iarraidh díol leis. Ní tharlóidh na caidrimh seo gan margaíocht.

Is í an mhargaíocht a roghnaíonn an margadh, a dhéanann an cinneadh maidir leis an táirge nó an tseirbhís is láidre i dtaobh féidearthacht, a insíonn scéal an táirge / tseirbhís sin don spriocmhargadh atá roghnaithe, a dhéanann an cinneadh maidir le praghas an táirge / tseirbhís agus thar aon rud eile, is í an mhargaíocht a thógann na caidrimh a neartaíonn an branda.

Beidh an mhargaíocht ag croílár aon rath a thagann as an bplean seo a ghníomhú agus is í an mhargaíocht a chinnfidh conas a mhothaíonn daoine faoin gCeathrú Rua.

# MARGAÍOCHT

| AN MOLADH | CÉARD? | CÉN CHAOI? | CÉN UAIR & CÉ? |
|---|---|---|---|
| **43**. Feachtas margaíochta dírithe ar thurasóirí a thugann cuairt ar Árainn | Bheadh an feachtas seo dírithe go sonrach ar na sluaite atá ag teacht go Ros an Mhíl chun iad a mhealladh chuig an gCeathrú Rua, ar an lá a bhfuil siad i Ros an Mhíl, nó ag am eile | Comharthaí ar na céanna i Ros an Mhíl agus/nó ar oileáin Árann, comharthaí ar na báid leis an teachtaireacht céanna agus foireann ag scaipeadh bileoga eolais agus daoine ag dul ar bord báid (coincheap turasóireachta le forbairt agus a sheachadadh agus ansin é a chur i bhfoirm fógraíochta). | An Coiste Turasóireachta nua<br><br>*Gearrthéarmach* |
| **44**. Feachtas náisiúnta ag mealladh daoine chuig an gCeathrú Rua | Bheadh an feachtas seo dírithe ar chuireadh a thabhairt do dhaoine cónaí, oibriú, tabhairt faoi chaitheamh aimsire agus infheistíocht a dhéanamh ar an gCeathrú Rua.<br>Tá sé thar a bheith tábhachtach nach rithfí an feachtas seo go dtí go bhfuil an baile réidh chun na gealltanais a bheas lárnach sa bhfeachtas a sheachadadh.<br>An feachtas céanna a bheith dírithe ar iarscoláirí na gColáistí Samhraidh chun iad a mhealladh ar ais chun cónaí, oibriú, imirt nó infheistiú sa gceantar. | *1*. An Leithinis a fhorbairt ó thaobh turasóireachta de mar atá luaite i dTéama a 2.<br>*2*. Moladh a 19 agus 26 a fhorbairt agus na comhlachtaí atá ag úsáid an spáis chianoibrithe a bheith lárnach sa bhfeachtas.<br>*3*. Liosta tithe atá le fáil ar cíos a bheith ag an gComharchumann agus teagmháil ríomhphoist / fóin in áit go sonrach chun déileáil le fiosrúcháin i dtaobh tithe atá le fáil ar cíos.<br>*4*. Maoiniú a fháil ón Scéim Tacaíochta d'fhorbairt eacnamaíochta atá ag CC na Gaillimhe. | Comharchumann Mhic Dara tríd an gCoiste Turasóireachta le cabhair ó na Coláistí Samhraidh<br><br>*Meántéarmach* |

# MARGAÍOCHT

| AN MOLADH | CÉARD? | CÉN CHAOI? | CÉN UAIR & CÉ? |
|---|---|---|---|
| **45**. An suíomh idirlín, ancheathrurua.ie, a leathnú agus a fhorbairt | An suíomh idirlín a leathnú agus níos mó leathanaigh a chur leis – leathanach amháin ag tabhairt eolas ginearálta faoi na teidil: Cónaí, Obair, Spraoi agus Infheistiú, agus leathanach eile do chuairteoirí mar shampla. Tá sé tábhachtach go mbeadh an nasc atá ag an mbaile le Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Trá an Dóilín soiléir ar an suíomh. | Le maoiniú ón Scéim Trádála ar Líne atá ag Údarás na Gaeltachta | Comharchumann Mhic Dara / An Coiste Turasóireachta i gcomhar le CC na Gaillimhe, Fáilte Éireann agus ÚnaG<br><br>*Gearrthéarmach* |
| **46**. Féidearthachtaí a fhiosrú i leith cárta gnó dílseachta | Cárta dílseachta a d'oibreodh i ngach gnó sa gceantar a fhorbairt agus é a scaipeadh ar fud Chonamara Theas, chun cur le caiteachas tomhaltóra i limistéar na Ceathrún Rua | *1*. Liosta a dhéanamh de na gnóthaí a bheadh sásta páirt a glacadh sa scéim.<br><br>*2*. Má tá a dhóthain gnóthaí sásta páirt a glacadh ann, plean margaíochta a dhearadh don fheachtas.<br><br>*3*. Buiséid a chruthú don fheachtas (costais dearaidh, fógraíochta, clódóireachta, saothair srl).<br><br>*4*. Urraíocht a fháil chun na buiséid a chlúdach. | An Cumann Tráchtála agus an Oifig Pleanála Teanga<br><br>*Meántéarmach* |




# TÉAMA 7: BEARTAS, CÓRAS & SPRIOCANNA

Sa phleanáil tá beartais, córais agus spriocanna thar a bheith tábhachtach mar:

- go dtugann siad treoir don smaointeoireacht
- go gcuireann siad cruth ar an obair
- go gcabhraíonn siad an fhoireann a spreagadh
- go gcoinníonn siad an tionscadal ar an mbóthar ceart

Is é Henry David Thoreau a deir gur gá bunchloch a chur faoi chaisleáin a thógtar san aer. Is iad na beartais, córais agus spriocanna atá leagtha amach sa doiciméad seo a thugann foirm do na bunchlocha a thacaíonn lenár "gcaisleáin san aer." Gan na beartais, córais agus spriocanna atá leagtha amach, bheadh sé i bhfad níos deacra na bunchlocha sin a thogáil do na "caisleáin."

Tá na beartais, córais agus spriocanna sa téama seo curtha san áireamh chun treoir a thabhairt don obair a bheidh ag teastáil chun an plean seo a ghníomhú agus chun tionchar a imirt ar smaointeoireacht agus ar phleanáil na ranna rialtais (áitiúil agus náisiúnta), eagraíochtaí stáit agus comhlachtaí poiblí atá freagrach as agus a ghlacann páirt i bhforbairt straitéiseach na Ceathrún Rua.

Tuigtear go bhfuil a gcuid beartais, córais agus spriocanna féin ag na ranna rialtais (áitiúil agus náisiúnta), eagraíochtaí stáit agus comhlachtaí poiblí atá freagrach as, agus a ghlacann páirt i bhforbairt straitéiseach na Ceathrún Rua ach táthar ag súil go mbeidh tionchar ag an méid atá molta anseo ar a gcuid smaointeoireachta agus pleanála.

# BEARTAS, CÓRAS & SPRIOCANNA

| AN MOLADH | CÉN FÁTH? |
|---|---|
| **47**. Ros an Mhíl a bheith san áireamh i dtionscadail don cheantar a bhaineann le pleanáil straitéiseach, forbairt, infheistíocht isteach agus margaíocht | Chun láithreacht agus deis a chruthú as gur féidir le fás suntasach a fhorbairt |
| **48**. An tÚdarás chun tacú go straitéiseach le TG4 | Chun cur leis na deiseanna infheistíochta ar scála mór a mhealladh go Conamara Theas ar mhaithe leis an gCeathrú Rua |
| **49**. Deiseanna ó thaobh foirgnimh sa tsráidbhaile atá folamh agus tréigthe a cheannach agus a athchóiriú | Chun beocht a chur le lár an tsráidbhaile agus féachaint ar dheiseanna foirgnimh a ligean le cuideachtaí neamhbhrabúis & fiontair shóisialta |
| **50**. Athbhreithniú ar ról na gcoláistí samhraidh i bhforbairt straitéiseach an cheantair | Chun a chinntiú go bhfuil an ceantar ag comhoibriú i gceart leis na Coláistí Samhraidh i dtaobh an tairbhe is fearr a bheith á bhaint astu |
| **51**. Plean fuinnimh inathnuaite a bheith ullmhaithe don Cheathrú Rua ionas go mbeadh an Cheathrú Rua aitheanta mar an chéad sráidbhaile neodrach ó thaobh carbóin de sa tír | Deis don Cheathrú Rua cur lena stádas mar cheantar glas, glan, agus deis branda dearfach a fhorbairt don Cheathrú Rua |
| **52**. An tÚdarás chun tacú go straitéiseach i dtaobh cur le gníomhaíochta Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an mbaile | Chun níos mo mic léinn agus na buntáistí a bhaineann leo a mhealladh chuig an gceantar |
| **53**. Córas a bheith ann chun úsáid na Gaeilge ar chomharthaíocht agus i siopaí / bialanna sa tsráidbhaile a thomhas agus a neartú | Chun aon bhearnaí atá ann a fheiceáil agus iad a líonadh |
| **54**. Seisiúin faisnéise rialta le heagrais stáit ar ábhair a bhaineann le maireachtáil agus oibriú sa Ghaeltacht, go háirithe ar an gCeathrú Rua | Chun níos mó tacaíochta a mhealladh ó na heagrais stáit |
| **55**. Córas séarachais ceart a bheith ann chun freastal ar an gceantar uile | Is bonneagar fíorthábhachtach é atá ag teastáil go géar sa gceantar |



# RÁITEAS DEIRIDH

Is iad an dá easpa is mó a thagann roimh phlean dá leithid seo a chur i bhfeidhm ná easpa toil agus easpa acmhainní. Teastaíonn fuinneamh an phobail agus tacaíocht an Státchórais chun uaillmhian a thabhairt chun críche.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an uaillmhian seo a thabhairt chun críche, i dtaobh pobal láidir Gaeltachta, arb í an Ghaeilge an chéad teanga, a neartú agus a bheith mar lár láidir agus crann taca don cheantar Gaeltachta máguaird.

Tá sé soiléir ón éileamh atá tagtha ó Chomharchumann Mhic Dara, agus ó chomhoibriú Údarás na Gaeltachta in ullmhú an phlean seo, go bhfuil an toil ann spriocanna an phlean a bhaint amach.

Níl aon cheist ach go mbeidh gá le hacmhainní agus tacaíocht Stát chun go mbeidh toradh ar an toil sin.

Rud eile atá le coinneáil san áireamh ná gur plean cúig bhliana é. Tá seo níos cosúla le maratón ná rás 100 méadar. Le gur féidir maratón a bhaint amach, is gá bunchlocha a leagan, uaireanta a' chloig fada, foighneach a chur in áit le gur féidir an líne críche a bhaint amach go buacach.




# RANNPHÁIRTITHE

Tá na moltaí sa bPlean seo bunaithe ar ionchur iad seo leanas a bhí rannpháirteach sa bpróiseas comhairleoireachta:

- Seán Ó Domhnaill, *Bainisteoir Chomharchumann Mhic Dara*
- Rónán Mac Con Iomaire, *Stiúrthóir Forbartha Réigiúin, Pobail & Teanga, Údarás na Gaeltachta*
- Máirtín Ó Loideáin, *Úinéir Tigh Loideáin (B&B)*
- Tina Donoghue, *Úinéir Tigh Donoghue's (B&B)*
- Micheál Ó Domhnaill, *Úinéir Teach Aíochta Uí Dhomhnaill agus Úinéir Talún*
- Matt O'Sullivan, *Ceantálaí*
- Aodán Ó Sé, *Úinéir An Chistín*
- Tomás Mac Con Iomaire, *Comhordaitheoir Phlean Teanga na Ceathrún Rua*
- Liam Óg Ó Domhnaill, *Úinéir Tigh Liam*
- Majella Ní Chríocháin, *Oifigeach Pleanála Teanga Phobal Rua*
- Gearóid Breathnach, *Úinéir Stáisiún Seirbhíse Texaco i gCasla*
- Meadbh Seoighe, *Feidhmeannach Fiontar Turasóireachta, Údarás na Gaeltachta*
- Steve Ó Cúláin, *Cathaoirleach Chósta Gaelach Chonamara agus Árann*
- Nioclás Ó Conchubhair, *Úinéir N. Ó Conchubhair Homevalue & Euronics Superstore*
- Éamon Ó Cuív, *Teachta Dála*
- Rónán Barrett, *Úinéir Citadel Corporate Finance, Úinéir Talún & Fiontraí*
- Mairéad Farrell, *Teachta Dála*
- Kevin O'Hara, *Sinn Féin*
- Darach Ó Tuairisg, *Príomhfheidhmeannach Meangadh Fíbín & Fíbín Drámaíochta*
- Alan Esslemont, *Ardstiúrthóir TG4*
- Mary Ann Coyne, *Bainisteoir, Tithe Saoire na Ceathrún Rua*
- Seán Mac Donnacha, *Príomhoide Scoil Chuimsitheach Chiaráin; Cathaoirleach Coiste Pleanála Teanga; Centre Principal ag an Ionad Seoltóireachta*
- Máire Ní Chúláin, *Cathaoirleach Choiste Cúltúir & Oidhreachta na Ceathrún Rua*
- Lorraine Mitchell, *Úinéir Bláthanna Uí Mhistéil*
- Barbara Ní Loideáin, *Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua*
- Seán Breathnach, *Úinéir Eurospar*
- Padraic Ó Laoi, *Úinéir, Tithe Saoire na Ceathrún Rua agus Forbróir*
- Padraig Ó Cuinn, *Úinéir Velotec, Cathaoirleach Gaeltacht CC & Connacht Cycling*
- Francis O Flaherty, *Úinéir, Connemara Brewing Company*




# RANNPHÁIRTITHE

- Colm Mac Donnacha, *Iar-Chathaoirleach ar Chomharchumann Mhic Dara & Úinéir Western Lighting*
- Noel Grealish, *Teachta Dála*
- Treasa Uí Lorcáin, *Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge*
- Síofra Ní Fhlatharta, *Príomhoide Scoil Mhuire, An Tuairín*
- Éamonn Ó Domhnaill, *Comhairleoir Fuinnimh Gaoithe*
- Áine Ní Dhomhnaill, *Cathaoirleach ar Choiste Halla Éinne*
- Máirtín Ó Tuairisg, *Oifigeach Forbartha Iascaigh Cladaigh Bord Iascaigh Mhara*
- Gearóid Mac Donnacha, *Ceannaire RTÉ Raidió na Gaeltachta*
- Sorcha Ní Chéilleachair, *Ceannasaí, Tuismitheoirí na Gaeltachta*
- Aoife Casby, *Ealaíontóir agus Cathaoirleach ar Cúl An Tí*
- Muireann Ní Dhroighneáin, *Ealaín na Gaeltachta*
- Eithne Nic Dhonnchadha, *Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin*
- Ruadhán Kelly, *Duine féin-fhostaithe, Ionnaithe ar an gCeathrú Rua*
- Donncha Mac Con Iomaire, *Cathaoirleach Chumann Húicéirí na Gaillimhe*
- Breandán Ó hEadhra, *Úinéir Meas Media*
- Mikey Darba Ó Flatharta, *Stiúrthóir Teilifíse Ionnaithe ar an gCeathrú Rua*
- Patrick Mac Donnacha, *Úinéir Connemara Catering agus Réalt na Maidine*
- Cian De Buitléir, *Cumann Rugbaí na Gaeltachta*
- Sharon Faherty, *Bainisteoir Bhruach na Mara (Bráithre na Carthanachta)*
- Ray Mac Pháidín, *Comhar Naíonraí na Gaeltachta*
- Ruairí Ó Néill, *Bainisteoir Réigiúnach an Iarthair, Údarás na Gaeltachta*
- Dr. Peter Sloane, *Dochtúir Teaghlaigh ar an gCeathrú Rua*
- Seán De Paor, *Úinéir Coláiste Chiaráin*
- Sinéad Ní Fhatharta, *Bainisteoir Fiontraíochta & Fostaíochta, Údarás na Gaeltachta*
- Mark De Faoite, *Stiúrthóir Fiontraíochta, Fostaíochta & Maoine, Údarás na Gaeltachta*
- Peadar Ó Loideáin, *CLG na Ceathrún Rua*
- Treasa Ní Fhlatharta, *Comhar Creidmheasa Cholmcille*
- Mícheál Ó hÉanaigh, *Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta*
- Colm Ó Coisdealbha, *Stiúrthóir Seirbhisí Corparáideacha, Údarás na Gaeltachta*
- Éamonn Ó hÉanaigh, *Feidhmeannach Forbartha, Údarás na Gaeltachta*



**Ullmhaithe ag | Hosty Consulting Teoranta**

**thar ceann Comharchumann Mhic Dara**

**Lúnasa 2021**

Gaeltacht na hÉireann

Údarás na Gaeltachta

Hosty Consulting
Business Planning for Tourism, Leisure and Place

Comharchumann Mhic Dara

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
091-869750 | www.ancheathrurua.ie

POBAL RUA